# Uimhreas: Uimhriú agus comhaireamh – Moltaí don teagasc

## MEON TÁIRGIÚIL A CHOTHÚ

- Réimse de láimhseoga amhail licíní, frámaí a deich, bloic bhonn a deich, abacas, agus uirlisí digiteacha a sholáthar agus a ligean do na páistí na hacmhainní is fearr a thacaíonn lena dtuiscint a roghnú.
- Comhroinnt smaointe agus straitéisí a eiseamláiriú chun timpeallacht seomra ranga a fhorbairt ina mbeadh na páistí ar a suaimhneas agus iad ag plé agus ag déanamh comparáid idir modhanna agus léirithe éagsúla comhairimh.
- Cleachtais mhachnaimh a chomhtháthú isteach i gceachtanna mata mar a spreagfaí na páistí lena gcuid scileanna agus cuir chuige chomhairimh a mheas.
- Aird na bpáistí a tharraingt ar chásanna fíorshaoil ina gcabhródh a gcuid eolais ar an gcomhaireamh agus a gcuid straitéisí comhairimh leo sa ghnáthshaol laethúil, m.sh., *an léimchomhaireamh i gcúigeanna a úsáid chun tacú leo an t-am a léamh ar chlog analógach, líon na spotaí ar dhísle a thobmheas agus iad ag imirt cluichí.*

## SPRAÍÚLACHT A SPREAGADH LEIS AN MATAMAITIC

- Na páistí a chur i mbun gníomhaíochtaí agus cluichí, m.sh., *biongó uimhreacha, tóraíocht taisce comhairimh*.
- An scéalaíocht a úsáid mar bhealach spraíúil le coincheapa agus fadhbanna uimhrithe a chur i láthair agus le hábhar spéise agus comhthéacs a chur ar fáil (féach an rannán tacaíochta *Moltaí don fhoghlaim sa bhaile* le haghaidh moltaí leabhar).
- Ábhair agus leideanna a chur ar fáil lena spreagfaí na páistí lena gcuid cluichí, puzal nó cásanna matamaitice féin a chruthú, m.sh., *cluiche meaitseála a dhearadh ina mbeadh tacair agus uimhreacha a fhad le 20, leagan úr de Chleas na Bacóide/Lean an Treoraí/Caitheamh Cliobóg a chruthú lena gcuimseofaí comhaireamh chun tosaigh/siar, i leatha/deicheanna/céadta, srl.*
- Eispéiris saorshúgartha amhail 'Cúinne Comhairimh' a chur ar fáil, ina mbeadh rudaí éagsúla a d'fhéadfadh na páistí a chomhaireamh, a shórtáil agus a chur in eagar, ag brath ar spéiseanna nó roghnachas a bheadh acu agus leidcheisteanna comhairimh a sholáthar chun tacú leis an rannpháirtíocht.

## TASCANNA ATÁ DÚSHLÁNACH GO COGNAÍOCH A ÚSÁID

- Deiseanna a chur ar fáil le go bhféadfaidh páistí feidhm a bhaint as an gcomhaireamh i gcúigeanna, deicheanna, caogaidí, leatha, srl. agus iad ag gabháil do thascanna a bheadh ag éirí níos deacra i rith an ama, m.sh., *cá mhéad duine a fhreastalóidh ar an gcóisir má thaistealaíonn siad i gcúig ghluaisteán lána/dhá mhionbhus 10–suíochán/ceithre bhus 25-suíochán?*
- Na páistí a spreagadh chun conairí iolracha i dtreo réitigh a fhiosrú chun tacú lena dtástáil le modhanna éagsúla chun comhaireamh a dhéanamh, m.sh., *tacar míreanna a chomhaireamh trí chomhaireamh ar, léimchomhaireamh, eagair a chruthú, srl.*
- Tacú le páistí a gcuid eolais ar an gcomhaireamh a úsáid chun straitéisí éifeachtúla a fhorbairt chun fadhbanna níos casta a réiteach, m.sh., *na scileanna tobmheastóireachta atá acu cheana a úsáid chun suim uimhreacha a ríomh ar dhísle iolraithe, a n-eolas ar dhúbailtí a úsáid chun 49 agus 50, 120 agus 121 srl. a chur le chéile.*
- Timpeallacht chomharfhoghlama a éascú mar a mbeadh na páistí ag comhroinnt agus ag plé go hoscailte straitéisí agus réitigh chomhairimh agus uimhrithe le piaraí.

## BÉIM A CHUR AR AN SAMHALTÚ MATAMAITICIÚIL

- Deiseanna a chur ar fáil do pháistí chun coincheapa uimhrithe a léiriú trí líníochtaí, láimhseoga agus léirithe scríofa, rud a ligfeadh dóibh modhanna éagsúla chun uimhreacha a thaifeadadh a fhiosrú.
- Comhoibriú a spreagadh i measc páistí chun a gcuid samhlacha a bheachtú, chun smaointe a chomhroinnt agus chun aiseolas a chur ar fáil dá chéile, m.sh., *samhlacha éagsúla chun comhaireamh a dhéanamh i leatha a léiriú agus a phlé, mar shampla, uimhirlíne a úsáid, ábhair nithiúla a úsáid, léaráidí a tharraingt.*
- Páistí a threorú agus iad ag cur a gcuid samhlacha comhairimh i bhfeidhm i gcomhthéacsanna nua agus ar fhadhbanna nua.

## MATA-CHAINT A CHUR CHUN CINN

- Spreag na páistí a gcuid straitéisí comhairimh a bheachtú agus a comhroinnt le piaraí agus leideanna a chur ar fáil chun tacú leis seo, m.sh., *cá mhéad ______ a chomhair tú? Cén chaoi ar chomhair tú iad? Ar ghrúpáil tú iad ina ndónna/ina gcúigeanna/ina ndeicheanna? An ndéanfá aon rud difriúil an chéad uair eile?*
- Déan teanga an uimhrithe agus an chomhairimh a ionchorprú i réimsí eile den churaclam agus tríd an súgradh, m.sh., *comhaireamh córúil agus iad ag síneadh roimh/tar éis an chorpoideachais, cineálacha crann/bláthanna/mionbheithíoch a thaifeadadh ar chairt scóir agus a chomhaireamh agus iad ar shiúlóidí dúlra, léim chun tosaigh dhá chéim agus iad ag imirt cluichí boird.*
- Comhphlé ar chuir chuige agus ar straitéisí a éascú, m.sh., *an féidir leat garmheas a thabhairt ar líon na mbloc sa túr? Cén chaoi ar féidir leat do gharmheas a sheiceáil? An féidir leat smaoineamh ar bhealach eile lena dhéanamh seo? Cé acu bealach is éifeachtúla?*
- Socraigh am ciorcail mar a bhféadann na páistí teacht le chéile le haghaidh comhphlé Mata, agus iad a spreagadh chun a gcuid cur chuige comhairimh a chomhroinnt agus a chleachtadh, chun ceisteanna a chur agus chun coincheapa uimhearthachta a fhiosrú i dteannta a chéile.

Arna fhorbairt i gcomhar le **Rachel Brennan, Múinteoir Bunscoile, Co. Átha Cliath**